

## **Beartais Shabhála na Roinne Stáite 2014**

<b>Coimirce Shóisialach</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<i>Íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ghnóthú</i> – Luach íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a ghnóthú ó dhámhachtainí cúitimh a rinneadh le daoine i ndáil le caillteanas tuillimh. Le tabhairt isteach in 2014.	21
<i>Sochar Breoiteachta</i> – Ó Eanáir 2014, an líon laethanta feithimh le haghaidh teideal chuig Sochar Breoiteachta a mhéadú ó 3 lá go 6 lá.	22
<i>Pinsean Easláine</i> - I gcomhréir le deireadh a chur leis an Idirthréimhse don Phinsean Stáit ó Eanáir 2014, deireadh a chur leis an ráta seachtainiúil €230.30 don Phinsean Easláine ag aois 65 agus é a chur i gcomhréir leis an ráta seachtainiúil €193.50 is inioctha i láthair na huaire le faighteoirí Pinsin Easláine atá faoi bhun 65 bliana d’aois. Déanfar coigeartuithe comhchosúla ar an ráta íocaíochta seachtainiúil don Phinsean Easláine d’Aosach Cáilithe. Beidh feidhm ag na bearta seo ar Phinsinéirí Easláine a bhainfidh a 65ú mbreithlá amach agus maidir le haosaigh cháilithe a bhainfidh a 66ú mbreithlá amach, agus beidh feidhm acu araon ó Eanáir 2014.	5
<i>Liúntas Cuardaitheora Poist</i> – Feidhm an ráta €100 de Liúntas Cuardaitheora Poist agus de Liúntas Leasa Fhorlionsaigh a leathnú do dhaoine gan leanaí a bhainfidh aois a 22, a 23, agus a 24 amach agus feidhm an ráta €144 de Liúntas Cuardaitheora Poist agus de Liúntas Leasa Fhorlionsaigh a leathnú do dhaoine gan leanaí a bhainfidh aois a 25 amach, ó Eanáir 2014. (Laghódófar an t-uasráta chun Filleadh ar an Oideachas go dtí €160 in aghaidh na seachtaine d’iontrálaithe iomchuí nua).	32
<i>Sochar Máithreachais agus Uchtála</i> – Na rátaí seachtainiúla íosta agus uasta (€217.80 agus €262 faoi seach i láthair na huaire) de Shochar Máithreachais agus Uchtála a chaighdeánú go dtí €230 in aghaidh na seachtaine. Beidh feidhm aige seo maidir le héilitheoirí nua amháin ó Eanáir 2014.	30
<i>Forlíonadh Úis Morgáiste</i> – Deireadh a chur leis an scém d’iarrthóirí nua agus ligean do bhonn na bhfaighteoirí reatha imeacht as thar thréimhse ceithre bliana, ó Eanáir 2014.	12
<i>Forlíonadh Cíos agus Úis Morgáiste</i> – An ranníocaíocht íosta do lánúnacha a mhéadú de €5 in aghaidh na seachtaine, ó €35 go €40, agus dá réir sin ranníocaíochtaí Cíos agus Úis Morgáiste a ailíniú tuilleadh le struchtúir cíosanna na nÚdarás Áitiúil, d’fhaighteoirí nua agus láithreacha, ó Eanáir 2014.	6
<i>Pacáiste Sochar Teaghlaigh</i> - An íocaíocht bhliantúil le RTÉ don Cheadúnas Teilifíse Saor in Aisce a laghdú de €5 mhilliún ó €59.17 milliún go dtí €54.17 milliún.	5

<i>Pacáiste Sochar Teaghlaigh</i> - Deireadh a chur leis an Liúntas Gutháin do na faighteoirí go léir, ó Eanáir 2014.	44
<i>Deontas Méala</i> – Deireadh a chur le híocaíocht deontais €850 i leith básanna an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh.	17
<i>Íocaíochtaí Forlíontacha</i> – Lagduithe ar chaiteachas ar íocaíochtaí leasa fhorlíontaigh áirithe.	5
Coigiltis de bharr éifeachtúlachtaí tacaíochta Fostaíochta méadaithe.	12
Coigiltis de bharr gníomhaíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair.	10
Beartha Calaoise agus Rialaithe – tionscnaimh bhreise maidir le calaois agus rialú.	30
Coigiltis Riaracháin	5
Lagduithe ar chaiteachas a thiocfaidh as meastachán ar chaiteachas do 2014 atá níos lú ná mar a raibh súil leis.	34
<b>Iomlán</b>	<b>290</b>

<b>Sláinte</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<i>Scéimeanna Cúraim Phríomha</i>	
Ionadú Cineálach agus Treoir-Phraghsáil	50
Comhaontú IPHA/APMI	28
Éifeacht lánbhliana na lagduithe FEMPI	37
Éifeacht lánbhliana an mhéadaithe ar mhuirir oideas	4
Éifeacht lánbhliana na dtairseach ioncaim agus an ionracais	20
Tairseacha Ioncaim a laghdú don Chárta Leighis do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois (€900 sa tseachtain do lánúin agus €500 sa tseachtain do dhuine singil)	25
Tuilleadh drugaí a bhaint de na drugaí in-aisíoctha Seirbhísí Ginearálta Liachta	10
Muirir Oideas a mhéadú go dtí €2.50 in aghaidh na hítimé le caidhp de €25	43
Ionracas Cártaí Leighis	113
Ar fhilleadh ar an obair, Cárta Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh a thabhairt seachas cárta leighis iomlán	11
<i>Réimsí Eile</i>	
Muirear a ghearradh ar gach Othar Príobháideach in Ospidéal Phoiblí	30
Cóirdhéileáil – Éifeacht lánbhliana achtú an Achta Sláinte (Leasú), 2013 lena ndearnadh ranníoc sócmhainní a choigeartú	10
Méadú ar an Muirear chun Miondíoltóirí Tobac a Cheadúnú	5
Cúlsoláthar Altraí	12
<i>Coigiltis a Bhaineann lePá</i>	
	268
<b>Glanchoigiltis Iomlána</b>	<b>666</b>

<b>Oideachas</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
Laghdú ar sholáthar 2014 don oideachas tríú leibhéal, á chur san áireamh na hiarmhéideanna airgid thirim atá á gcoinneáil ag na forais ardoideachais	25
Deireadh le híocaíochtaí comhreathacha le faighteoirí RCS áirithe a ghlacann áit ar chúrsaí FÁS	5
Fáil réidh leis an mbónas dífhostaíochta fadtéarmach a íoctar le faighteoirí FÁS/SDOG/Ógtheagmháil	2
A cheangal go n-íocfadh printísigh FÁS ranniocaíocht mac léinn pro rata	1
Glanlaghduithe agus ceartuithe feadh an Vóta	11
<b>Iomlán</b>	<b>44</b>

<b>Dlí &amp; Ceart agus Comhionannas</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<p><b>Laghduithe ar an líon foirne</b></p> <p>Léiríonn an coigeartú buiséadach na laghduithe foirne lena bhfuiltear ag súil feadh réimsí uile na hearnála</p>	31
<p><b>Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais</b></p> <p>Tá na laghduithe ag éirí as raon fotheideal cláir agus riaracháin, lena n-áirítear Dírchóiríocht (€5.2m), an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimírce (€1.3m), fotheidil riaracháin lena n-áirítear TFC agus Post agus Teileachumarsáid (€1 mhilliún), Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta (€1 mhilliún)</p>	11
<p><b>An tSeirbhís Phríosúin</b></p> <p>Beidh na coigiltis ann feadh fotheideal oibríochta agus riaracháin, agus éiríonn siad as éifeachtúlachtaí a dhíorthaíonn ó thionscnaimh fála lárnaí agus bearta riaracháin eile. Cuimsíonn siad bearta ar nós laghduithe ar chostais riaracháin oifige a éiríonn as seirbhís phriontála a sheachfhoinisíú, coigiltis i speansais bhainistíochta flit agus coigiltis i réimse an chúraim sláinte as úsáid drugaí cineálacha.</p>	1
<p><b>An tSeirbhís Chúirteanna</b></p> <p>Tá na coigiltis ar fud raoin limistéar lena n-áirítear éifeachtúlachtaí a thagann go díreach as tionscnaimh faoi Chlár Athchóirithe na Seirbhísí Cúirte lena n-áirítear breis úsáide á baint as an teicneolaíocht agus as acmhainní eile.</p>	1
<p><b>An tÚdarás Clárúcháin Maoine</b></p> <p>Tá na coigiltis ann feadh fotheidil riaracháin agus áirítear iontu coigiltis a éiríonn as gan a bheith ag brath an oiread sin ar sholáthróirí seirbhísí lasmuigh.</p>	0.5
<p><b>Costais neamh-athfillteacha 2014</b></p> <p>Tharla roinnt ócáidí neamh-athfillteacha ar ghá soláthar a dhéanamh dóibh in 2013 agus nach mbeidh tionchar acu ar an gcaiteachas in 2014.</p>	12
<b>Iomlán</b>	<b>56.5</b>

<b>Talmhaíocht</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
Clabhsúr le scéimeanna: SCCT, Luathscor agus Bó Dhiúil	37.6
Laghdú ar na réimsí sláinte áinmhithe agus tacaíochta margaidh	12.4
Bainfear coigiltis bhreise anuas ar na coigiltis phá a baineadh amach faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington.	2.9
<b><i>Fo-iomlán</i></b>	<b><i>52.9</i></b>
Cistiú méadaithe do bhearta nua	(23.4)
<b>Iomlán</b>	<b>29.5</b>

<b>Ealaíon, Oidhreacht &amp; an Ghaeltacht</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<b>Ealaíona, Cultúr agus Scannáin</b>	
Oibriú níos éifeachtaí, seirbhísí i gcomhpháirt, tosaíochtú i gcás seirbhísí poiblí agus príomhdhorais, tionscadail á gcur siar, ciorrú le scéimeanna áirithe, barainneachtaí foirne agus laghduithe ar chostais riaracháin.	9.2
<b>Oidhreacht</b>	
Tús áite do na ceanglais dhlithiúla a éiríonn as Treoracha ón AE maidir le Gnáthóga agus Éin, caomhnú príomhsheirbhísí seandálaíochta agus oidhreachta tógtha, mar aon le coinneáil na seirbhísí tarraingthe cuairteoirí atá á gcur ar fáil ag Páirceanna agus Caomhantais Náisiúnta.	0.7
<b>An Ghaeltacht</b>	
Déanfar coigiltis ag éirí as athbhreithniú ón Roinn ar struchtúir, scéimeanna agus eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta.	1.3
<b>Comhoibriú Thuaidh-Theas</b>	
Beidh gá le faomhadh na Comhairle Airí Thuaidh Theas chun coigiltis de bhreis ar an 3% sa bhliain a aontaíodh do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a bhaint amach	2.1
<b>Riarachán</b>	
Iníúchfaidh an Roinn an scóp chun éifeachtúlachtaí breise agus coigiltis bhreise i gcostais riaracháin a bhaint amach feadh na tréimhse go dtí 2014.	1.7
<b>Iomlán</b>	<b>15.0</b>



<b>Gnóthaí Leanaí agus Óige</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<b>€ milliín</b>
<b>Clár don Óige</b>	
Lagduithe ar chistiú na gclár éagsúil don óige	2.0
<b>An Clár Críochnaithe Scoile</b>	
Coigiltis 6.5% sa bhliain ar leibhéal cistiúcháin na bliana roimhe	1.7
<b>An Staidéar Fad-Ama Náisiúnta</b>	
Laghdú ar na gealltanais faoi chonarthaí atá ann cheana féin	1.0
<b>An Straitéis Náisiúnta do Leanaí</b>	
Laghdú ar na gealltanais faoi chonarthaí atá ann cheana féin	0.4
<b>An Clár Luath-Idirghabhála</b>	
Laghdú ar na gealltanais faoi chonarthaí atá ann cheana féin	0.8
<b>An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh</b>	
Coigiltis i gcostais riaracháin agus chlár	2.1
<b>Iomlán</b>	<b>8</b>

<b>Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
Bainfidh an Roinn tuilleadh éifeachtúlachtaí agus coigilteas amach i réimsí na gcostas riaracháin, an Fhuinnimh, an Iascaigh Intíre agus an Chláir Cumarsáide	5
<b>Iomlán</b>	<b>5</b>

<b>Cosaint</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
Bearta Imshrianta agus rialaithe feadh Ghrúpa an Vóta	2
<b>Iomlán</b>	<b>2</b>

<b>Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<b>Tithíocht</b> Athsceidealú ar aisghabháil muirear iasachta údaráis áitiúil (An Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais)	15
<b>Costais Dí</b> Coigiltis ar Chostais Dí	4
<b>Éifeachtúlachtaí Riaracháin</b> Bainfidh an Roinn tuilleadh éifeachtúlachtaí agus coigilteas amach sna costais riaracháin in 2014.	2
<b>Iomlán</b>	<b>21</b>

<b>Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
<b>Cúnamh Forbartha Coigríche</b> Cistiú laghdaithe do Chlár Cúnaimh na hÉireann	14.1
<b>Iomlán</b>	<b>14.1</b>

<b>Poist, Fiontair agus Nuálaíocht</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	<i>€ milliún</i>
Seachadfar coigiltis neamhphá trí bhearta éifeachtúlachta riaracháin agus athruithe ar phróisis ghnó feadh 3 Chlár na Roinne. Áirítear orthu sin tuilleadh próiseála ar-líne agus uirlisí feidhmithe breise a chur i ngníomh agus leanúint de thionscadal an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.	1.0
Seachadfar tuilleadh coigilteas neamhphá trí éifeachtúlachtaí riaracháin agus oibríochta, bearta cuíchóirithe agus atosáíocht a chur i bhfeidhm ar chaiteachas i leith roinnt tionscadal a bhfuil tacaíocht á fail acu tríd an gClár um Thaighde i bhForais Tríú Leibhéal.	6.4
Bainfear coigiltis phá bhreise amach de bhreis ar na coigiltis phá a baineadh amach trí Chomhaontú Bhóthar Haddington.	6.0
<b>Iomlán</b>	<b>13.4</b>

<b>Iompar</b>	
<b>Beart</b>	<b>Coigiltis in 2014</b>
	€ million
<b>Eitlíocht</b> Coigiltis ar Aerfoirt Réigiúnacha	1.0
<b>Bóithre</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Laghdú ar an gcistiú don chlár cóirithe dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla</li> <li>▪ Coigiltis san Údarás um Bóithre Náisiúnta as éifeachtúlachtaí sa bhonn costais oibriúcháin</li> <li>▪ Coigiltis Chomhpháirtíochta Príobháidí-Poiblí (a bheidh bunaithe ar íocaíochtaí conarthacha a bheidh dlite d'oibríochtaí CPP in 2014)</li> </ul>	46.5
<b>Iompar Poiblí</b> Bunáite na gcoigilteas as ciorruithe ar Chonarthaí Iompair Phoiblí (Fóirdheontais oibleagáide Seirbhíse Poiblí)	18.0
<b>Spórt</b> Cistiú laghdaithe do Chomhairle Spóirt na hÉireann	3.1
<b>Turasóireacht</b> An leithdháileadh ar chláir thurasóireachta a laghdú	12.9
<b>Nithe eile</b> An Clár iompair Tuaithe – na moltaí ón Athrbhreithniú ar Luach ar Airgead a chur i bhfeidhm agus an clár a athstruchtúró chun tionchar an chaiteachais laghdaithe a neamhniú.	0.9
<b>Muir</b> An Conradh Héileacaptair do Chuardach agus Tarrtháil – costas méadaithe an Chuardaigh agus na Tarrthála.	(-7.4)
<b>Iomlán</b>	<b>75</b>